# Mata Boird

Tugann an ghníomhaíocht seo deis do na scoláirí uile a bheith ag obair ina n-aonar, ag roinnt smaointe agus ag foghlaim óna chéile trí **idirphlé comhoibríoch** i ngrúpa beag.



- Roinn na scoláirí ina ngrúpaí beaga de 4, ina suí ag bileog A3.
- Scríobhann na scoláirí freagraí aonair ar cheist réamhphleanáilte ar a gcuid féin den leathanach (nó is féidir le scoláirí 4 ghné dhifriúla den cheist chéanna a chíoradh freisin).
- Ansin, ar a sheal, roinneann gach scoláire a chuid smaointe agus tagann siad ar chomhghnéithe is féidir a scríobh i lár na cairte.
- Bíonn na scoláirí rannpháirteach i bplé le gach ball den ghrúpa chun teacht ar chomhaontú maidir le freagra ghrúpa.
- Is eagraí grafach é an dréimire rangaithe ar a mbíonn 3 nó 4 runga. Leagann na scoláirí an pointe is tábhachtaí a d'aontaigh an grúpa ar an runga ag barr, an dara pointe ar an gcéad runga eile agus mar sin de.
- Rangaíonn an grúpa a gcuid freagraí i lár an mhata boird.
- Ba cheart na scoláirí a spreagadh chun éisteacht go gníomhach agus nótaí a ghlacadh de réir mar a chuirtear mata boird gach grúpa i láthair.
- Chun tuilleadh eolais a roinnt, is féidir na mataí boird a chrochadh ar bhalla an tseomra ranga nó is féidir le scoláirí grianghraif a ghlacadh dóibh chun tacú le hobair baile nó dul siar.

## Leideanna

- Roinn bileog ghlan ina gcodanna ag teacht leis an líon scoláirí sa ghrúpa. Is fearr grúpa de 4, ach oibríonn 3 nó 5 freisin.
- Tabhair amach róil laistigh den ghrúpa m.s. amadóir, urlabhraí, srl. Bí sainiúil i dtaca le cúrsaí ama.
- Cuir in iúl do na scoláirí gur ag obair go haonarach a bhíonn siad sa chéad chuid de Mhata Boird.
- Gluais timpeall ar gach grúpa agus cinntigh go mbíonn a n-aird dírithe ar an tasc.

## Príomhscileanna

- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- Cumarsáid
- Obair le daoine eile
- A bheith liteartha
- A bheith cruthaitheach

## Acmhainní

- Teimpléad Mata Boird
- Marcóirí
- Tac gorm

## Leagan amach an tseomra

Eagraigh scoláirí **ina ngrúpaí de 4**

## Measúnú

Measúnú ar an tuiscint trí éisteacht le freagraí scoláirí

## Tacú le hobair bhaile

D'fhéadfaí freagraí an ghrúpa a shábháil agus a phostáil ar ardán digiteach chun tacú leis an obair baile.

**Tuilleadh Eolais**
Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers